Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023
(OR. en)**

**15553/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0415(NLE)**

**ECOFIN 1192
FIN 1171
UEM 358**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 731 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10161/21 agus ST 10161/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 731 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 731 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2023
COM(2023) 731 final

2023/0415 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10161/21 agus ST 10161/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge**

{SWD(2023) 376 final}

2023/0415 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10161/21 agus ST 10161/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Bheilg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 20 Iúil 2023, chuir an Bheilg plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall go páirteach ar imthosca oibiachtúla. Baineann na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bheilg isteach le 63 bheart.

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[2] ST 10161/21; ST 10161/21 ADD 1.

(5) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin iarraidh ar thacaíocht iasachta i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Beilge i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don Bheilg deireadh a chur de réir a chéile le bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh, beartas fioscach stuama a áirithiú, infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, iarrachtaí a neartú chun éifeachtúlacht an chúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú, athchóiriú an chórais cánachais agus sochair a shaothrú agus caiteachas cánach a athbhreithniú. Mhol an Chomhairle freisin aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar neamhréir scileanna, agus feidhmíocht agus cothromas na gcóras oideachais agus oiliúna a fheabhsú. Maidir le fuinneamh, mhol an Chomhairle don Bheilg a spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáid breoslaí iontaise i bhfoirgnimh a laghdú, trí dhícharbónú na tionsclaíochta a spreagadh a thuilleadh agus trí úsáid agus soláthar iompair phoiblí agus soghluaisteacht bhog a chur chun cinn. Mhol an Chomhairle don Bheilg freisin dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar eangaí a bhaineann leo trí na nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú a thuilleadh, lena n-áirítear trí fhad na nósanna imeachta achomhairc a laghdú, agus trí chreataí dlíthiúla a ghlacadh chun borradh breise a chur faoi infheistíochtaí i suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus chun comhroinnt fuinnimh a éascú.

(7) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán 2021/241***

(8) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Bheilg isteach tugtar 43 bheart cothrom le dáta chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Bheilg, toisc gur laghdaigh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 5 923 953 327[3] go EUR 4 523 383 959[4], nach féidir bearta uile an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh a mhaoiniú a thuilleadh. Mhol an Bheilg seacht n-infheistíocht a bhaint, an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le 29 infheistíocht a laghdú i gcomparáid leis an bplean bunaidh, agus go n-áireofaí i gcaibidil REPowerEU, i gcomhréir le hAirteagal 21c (2) de Rialachán (AE) 2021/241, seacht mbeart a bhí san áireamh cheana féin sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a glacadh.

---

3 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Beilge de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

4 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Beilge de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

(9) Níl bearta áirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a thuilleadh faoi chomhchodanna 1.1: Athchóiriú; 1.2 Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; 2.2 Riarachán poiblí; 3.3: An t-aistriú modha; 5.2: Tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch; agus 5.3: An geilleagar ciorclach. Baineann na bearta sin le hinfheistíocht I-1.06: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí' de chuid Réigiún na Vallúine; I-1.13: 'RenoLab: Saotharlann athchóirithe' Réigiún na Bruiséile; I-1.20: 'Gréasáin teasa in-athnuaite' an Réigiúin Phléimeannaigh; I-2.12: 'Digitiú rialtais réigiúnaigh agus áitiúil' de chuid Réigiún na Vallúine; I-3.05: 'Bus Ardleibhéal Seirbhíse' Réigiún na Vallúine; I-5.09: 'T&F: Glao ar thograí chun tacú le T&F na haerloingseoireachta agus na hearnála spáis' de chuid an Stáit Chónaidhme; agus infheistíocht I-5.17: 'Geilleagar ciorclach agus tógáil chiorclach' an Réigiúin Phléimeannaigh. Dá bhrí sin ba cheart an tuairisc ar na bearta sin agus ar na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara a bhaineann leo a bhaint as an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

(10) Thairis sin, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Bheilg isteach, athraítear bearta faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; 1.2: Teicneolaíochtaí Fuinnimh atá ag teacht chun cinn; 1.3: An comhshaol agus an aeráid; 2.2: Riarachán Poiblí; 2.3: Snáithín optúil, 5G agus nuatheicneolaíochtaí; 3.1: Bonneagar rothaíochta agus siúil; 3.2: An t-aistriú modha; 4.1: Oideachas 2.0; 4.3: An bonneagar sóisialta; 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; 5.2: Tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch; agus 5.3: an geilleagar ciorclach, chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a léiriú. Baineann sé sin le garsprioc 1, sprioc 5, sprioc 6, sprioc 7, an tuairisc ar athchóiriú R-1.01 'An scéim fóirdheontais le haghaidh fuinneamh feabhsaithe' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.03: 'Tithíocht shóisialta a athchóiriú' de chuid Chomhphobal na Gearmáinise, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 12, sprioc 14 agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.07: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí – údaráis áitiúla agus spóirt' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 11, sprioc 14 agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.08: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 13, sprioc 14 agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.09: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí – scoileanna' de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 13, sprioc 15 agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.10: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí – spórt agus IPPJ' de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 13, sprioc 16 agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.11: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí – ollscoileanna' de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; garsprioc 23 d'infheistíocht I-1.16 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 1.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; Garsprioc 25, garsprioc 26 agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.17 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 1.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; garsprioc 27 agus garsprioc 28 d'infheistíocht I-1.18 'Tionscal ísealcharbóin a fhorbairt' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 1.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; sprioc 36, sprioc 37, sprioc 38, sprioc 39 agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.22: 'Bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 1.3: An comhshaol agus an aeráid; garsprioc 41, garsprioc 42, sprioc 43 agus an tuairisc ar infheistíocht I-1.24: 'An Comhaontú Gorm' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 1.3: An comhshaol agus an aeráid; garsprioc 65 d'infheistíocht I-2.07: 'Digitiú ONE' de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 2.2: Riarachán Poiblí; sprioc 66,

sprioc 67 agus an tuairisc ar infheistíocht I-2.08: 'Digitiú na hearnála cultúir agus meán' de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 2.2: Riarachán Poiblí; garsprioc 68 agus an tuairisc ar infheistíocht I-2.09: 'Digitiú an Rialtais Phléimeannaigh' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 2.2: Riarachán Poiblí; sprioc 85, garsprioc 86, sprioc 87, sprioc 88 agus an tuairisc ar infheistíocht I-2.15: 'Nascacht scoileanna a fheabhsú (inmheánach), ach freisin nascacht 35 pháirc ghnó sa Vallúin a fheabhsú' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 2.3: Snáithín optúil, 5G agus nuatheicneolaíochtaí; garsprioc 94, sprioc 95, sprioc 96, an tuairisc ar infheistíocht I-3.01: 'Bonneagar rothaíochta' an Réigiúin Phléimeannaigh agus an tuairisc ar infheistíocht I-3.03: 'Bonneagar rothaíochta – Vélo Plus – RBC' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 3.1: Bonneagar rothaíochta agus siúil; sprioc 113 d'infheistíocht I-3.14: 'Deontais le haghaidh an aistrithe modha' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 3.2: An t-aistriú modha; sprioc 114, sprioc 115 agus an tuairisc ar infheistíocht I-3.17: 'An flít busanna a ghlasú – RBC' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 3.3: An t-iompar de bhóthar a ghlasú; an tuairisc ar infheistíocht I-4.01: 'Digisprong' de chuid an Chomhphobail Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 4.1: Oideachas 2.0; sprioc 151, sprioc 152, sprioc 153 agus an tuairisc ar infheistíocht I-4.12: 'Tithíocht fóntais phoiblí agus tithíocht do dhaoine leochaileacha a fhorbairt' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 4.3: An bonneagar sóisialta; sprioc 160 agus an tuairisc ar infheistíocht I-5.03: 'Bonneagar oiliúna ardleibhéil a uasghrádú' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; sprioc 165 agus an tuairisc ar infheistíocht I-5.04: 'Dianiarracht maidir le foghlaim agus gairmeacha' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; sprioc 166 agus an tuairisc ar infheistíocht I-5.05: 'Straitéis chun an margadh saothair a athsheoladh' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; sprioc 169 d'infheistíocht I-5.06: 'Scileanna digiteacha' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; garsprioc 171 agus an tuairisc ar infheistíocht I-5.07: 'Foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; garsprioc 186 agus sprioc 187 d'infheistíocht I-5.11 'T&F a Neartú' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 5.2: Tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch; sprioc 192 d'infheistíocht I-5.13: 'Digitiú earnáil turasóireachta na Vallúine' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 5.2: Tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch; garsprioc 201, sprioc 202 agus tuairisc ar infheistíocht I-5.16 'Imscaradh an gheilleagair chiorclaigh' i Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 5.3: An geilleagar ciorclach. Athraítear na tuairiscí, na garspriocanna agus na spriocanna sin chun an leibhéal cur chun feidhme is gá a laghdú i gcomparáid leis an bplean bunaidh chun an leithdháileadh laghdaithe a léiriú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 21c(2) de Rialachán (AE) 2021/241, mar gheall ar an laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais, áirítear freisin i gcaibidil REPowerEU a chuir an Bheilg isteach trí bheart a áirítear cheana i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Go háirithe, áirítear trí infheistíocht i gcaibidil REPowerEU sa Bheilg: infheistíocht I-1.14: 'Cnámha cúil le haghaidh H2 agus CO2' de chuid an Stáit Chónaidhme agus na garspriocanna a bhaineann leis (16 agus 17); infheistíocht I-1.19: 'Ardán taighde le haghaidh an aistrithe fuinnimh' de chuid Réigiún na Vallúine agus na garspriocanna a bhaineann leis (29 agus 30); infheistíocht I-1.21: 'Oileán fuinnimh amach ón gcósta' de chuid an Stáit Chónaidhme agus na garspriocanna a bhaineann leis (33, 34 agus 35), ar infheistíochtaí iad uile faoi

chomhchuid 1.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, chuir an Bheilg cuid de thrí infheistíocht san áireamh i gcaibidil REPowerEU, mar aon le cuid d'athchóiriú amháin a áiríodh cheana i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Baineann sé sin le hinfheistíocht I-3.10: 'Iarnród – gréasán éifeachtúil' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 3.2: An t-aistriú modha; infheistíocht I-3.17: 'An flít busanna a ghlasú – RBC' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 3.3: An t-iompar de bhóthar a ghlasú; infheistíocht I-3.18 'Stáisiúin luchtaithe – FED' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 3.3: An t-iompar de bhóthar a ghlasú, agus athchóiriú R-1.03: 'An scéim fóirdheontais le haghaidh fuinneamh feabhsaithe' de chuid Chomhphobal na Gearmáinise, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú. Ar an mbonn sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na bearta modhnaithe a léiriú.

(12) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an mBeilg, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Iarraidh ar iasacht bunaithe ar Airteagal 14(2) de Rialachán 2021/24***

(13) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Bheilg isteach iarraidh ar iasacht chun tacú le trí bheart a fuair tacaíocht ó ranníocaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, ach a molann an Bheilg tacú léi le hiasachtaí ina ionad sin. Baineann sé sin le hinfheistíocht I-2.05: 'Digitiú SPF, fobheart 7: Digitiú na bpróiseas bainistithe tearmainn agus inimirce' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 2.2: Riarachán Poiblí; infheistíocht I-3.03 'Bonneagar Rothaíochta – Vélo Plus – FED' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 3.2: An t-aistriú modha; agus infheistíocht I-3.04: 'Bonneagar rothaíochta agus siúil – Schuman' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 3.1: Bonneagar rothaíochta agus siúil.

(14) Áirítear san iarraidh ar iasacht freisin tacaíocht do thrí bheart a áirítear i gcaibidil REPowerEU: infheistíocht I-7.15: 'Cnámh droma le haghaidh H2' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 7.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; infheistíocht I-7.20: 'Oileán fuinnimh amach ón gcósta' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 7.3: Fuinneamh in-athnuaite; agus infheistíocht I-7.25: 'Bonneagar luchtaithe do bhusanna' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 7.4: Soghluaisteacht.

(15) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241***

(16) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bheilg isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 34 mbeart.

(17) Mhínigh an Bheilg nach féidir 12 bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar gheall ar bhoilsciú ard, rud a dhéanann difear go háirithe d'amhábhair agus do chostais saothair. Baineann sé sin le sprioc 12 agus sprioc 14 d'infheistíocht I-1.07: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí – údaráis áitiúla agus spóirt' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 13 agus sprioc 14 d'infheistíocht I-1.09: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí – scoileanna' de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 13 agus sprioc 14 d'infheistíocht I-1.10: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí – spórt agus IPPJ' de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 11 agus sprioc 14 d'infheistíocht I-1.11:

‘Athchóiriú foirgneamh poiblí – ollscoileanna’ de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; Sprioc 36, sprioc 37, garsprioc 38 agus sprioc 39 d’infheistíocht I-1.22: ‘Bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide’ de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 1.3: An comhshaol agus an aeráid; garsprioc 94, sprioc 95, sprioc 96 agus an tuairisc ar infheistíocht I-3.01: ‘Bonneagar rothaíochta’ de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 3.1: Bonneagar rothaíochta agus siúil; sprioc 95, sprioc 96, agus an tuairisc ar infheistíochta I-3.02 ‘Bonneagar rothaíochta – Conairí Vélo’ de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 3.1: Bonneagar rothaíochta agus siúil; an tuairisc ar infheistíocht I-3.03: ‘Bonneagar rothaíochta – Vélo Plus – RBC’ de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 3.1: Bonneagar rothaíochta agus siúil; sprioc 121, sprioc 122, sprioc 123 agus an tuairisc ar infheistíocht I-3.18: ‘Stáisiúin luchtaithe – FED’ de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 3.3: An t-iompar de bhóthar a ghlasú; sprioc 151, sprioc 153 agus an tuairisc ar infheistíocht I-4.12: ‘Tithíocht fóntais phoiblí agus tithíocht do dhaoine leochaileacha a fhorbairt’ de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 4.3: An bonneagar sóisialta; sprioc 190 d’infheistíocht I-5.12: ‘Athlonnú bia agus forbairt ardán lóistíochta’ de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 5.2: Tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch; agus sprioc 192 d’infheistíocht I-5.13: ‘Digitiú earnáil turasóireachta na Vallúine’ de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 5.2: Tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch. Ar an mbonn sin, d’iarr an Bheilg go laghdófaí leibhéal chur chun feidhme riachtanach na mbeart thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(18) Mhínigh an Bheilg an méid seo a leanas maidir le hinfheistíocht I-1.12: ‘Athchóiriú foirgneamh poiblí – cultúr’ de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 1.1: Ní féidir an t-athchóiriú a bhaint amach a thuilleadh ós rud é gur méadaíodh an meastachán costais tosaigh a soláthraíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar bhoilsciú ard. Mar sin féin, agus na hacmhainní á gcur san áireamh a saoradh trí bhearta eile a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, choinnigh an Bheilg ar bun an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir leis na spriocanna gaolmhara.

(19) Mhínigh an Bheilg freisin nach féidir trí bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar gheall ar bhoilsciú ard agus suaitheadh sa slabhra soláthair, rud a dhéanann difear go háirithe d’amhábhair, do shaothar nó do shliseanna leictreonacha. Baineann sé sin le sprioc 122, sprioc 123 agus an tuairisc ar athchóiriú R-3.04 ‘Stáisiúin luchtaithe –WAL’ de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 3.3: An t-iompar de bhóthar a ghlasú; garsprioc 160 agus garsprioc 163 d’infheistíocht I-5.03 ‘Bonneagar oiliúna ardleibhéil a uasghrádú’ de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; Agus garsprioc 171 d’infheistíocht I-5.07: ‘Foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil’ de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair. Ar an mbonn sin, d’iarr an Bheilg go ndéanfaí na bearta thuasluaite a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(20) Mhínigh an Bheilg nach féidir cúig bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla gan choinne nach bhfuil neart ag na húdaráis orthu, go háirithe an gá atá le gníomh dlí nua a ghlacadh tar éis breithiúnas ón gCúirt Bhunreachtúil, an easpa inniúlachta i réimse áirithe rialála ag an Stát Cónaidhme, saincheisteanna maidir le comhlíonadh dhlí an Aontais nach raibh coinne leo, nó caibidlíocht fhada le páirtithe leasmhara. Ag brath ar na bearta lena mbaineann, baineann na deacrachtaí sin, mar shampla, leis an ngá atá le gníomh dlí nua a ghlacadh

tar éis chinneadh na Cúirte Bunreachtúla, leis an easpa inniúlachta i réimse áirithe rialála ag an Stát Cónaidhme, nó le saincheisteanna maidir le comhlíonadh dhlí an Aontais nach raibh coinne leo. Baineann sé sin le garsprioc 15 agus an tuairisc ar athchóiriú R-1.04: 'An creat rialála le haghaidh mhargaí H2 agus CO2' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 1.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; garsprioc 23 d'infheistíocht I-1.16: 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 1.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; garsprioc 127 agus an tuairisc ar athchóiriú R-4.01: 'Digisprong' de chuid an Chomhphobail Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 4.1: Oideachas 2.0; agus garsprioc 129 agus an tuairisc ar athchóiriú R-4.03: 'Plean gníomhaíochta domhanda i gcoinne na luathfhágála scoile' de chuid Chomhphobal na Fraince, faoi chomhchuid 4.1: Oideachas 2.0; agus garsprioc 139 agus an tuairisc ar athchóiriú R-4.05: 'An straitéis um athcháiliú' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 4.2: Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg go ndéanfaí na bearta thuasluaite a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(21) Mhínigh an Bheilg nach féidir cúig bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne nach bhfuil neart ag na húdaráis orthu. Áirítear orthu sin, mar shampla, deacrachtaí maidir le foireann speisialaithe a fhostú agus ceisteanna sábháilteachta nach raibh coinne leo. Baineann sé sin le garsprioc 19 d'infheistíocht I-1.15: 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 1.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; garsprioc 61 d'infheistíocht I-2.05: 'Digitiú SPF d'fhobheart 10: Tairseach aonair dhigiteach' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 2.2: Riarachán poiblí, garsprioc 106, sprioc 107 agus an tuairisc ar infheistíocht I-3.11: 'Canáil Albert agus Trilogiport' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 3.2: An t-aistriú modha; sprioc 144 d'infheistíocht I-4.07: 'An straitéis um athcháiliú' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 4.2: Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha; garsprioc 170 d'infheistíocht I-5.06: 'Scileanna digiteacha' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg go ndéanfaí na garspriocanna agus na spriocanna thuasluaite a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(22) Mhínigh an Bheilg freisin, mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne, infheistíocht I-5.08 'Leigheas núicléach' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 5.2: Tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch, ní féidir an infheistíocht sin a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar a bhí beartaithe ar dtús. Léirigh torthaí T&F neamh-inmharthanacht an tionscadail SMART. D'iarr an Bheilg dhá thionscadal nua a chur in ionad an tionscadail sin agus síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme an bhirt iomláin. Baineann sé sin le garsprioc 178 a scriosadh, garsprioc 179 a leasú agus an tuairisc ar infheistíocht I-5.08: 'Leigheas núicléach' de chuid an Stáit Chónaidhme, chomh maith le dhá bheart nua I-5.08bis a chur leis: 'Leigheas núicléach – cur chuige na teireanóisice' de chuid an Stáit Chónaidhme, agus I-5.18: 'SMELD: Leá miotail úrscothach a theorannaíonn dramhaíl le linn D&D'. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg go ndéanfaí na hathruithe thuasluaite, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(23) Mhínigh an Bheilg freisin, mar gheall ar phróiseas soláthair ar theip air mar gheall ar imthosca nach bhfuil neart aici orthu, infheistíocht I-3.06: 'Síneadh tram' de chuid Réigiún na Vallúine, ní féidir an infheistíocht sin a bhaint amach a thuilleadh mar a

bhí beartaithe ar dtús. Ar an gcúis sin, d'iarr an Bheilg infheistíocht nua a chur in ionad an tionscadail sin, mar atá Infheistíocht I-3.20: 'An flít busanna a ghlasú – WAL', faoi chomhchuid 3.3 Iompar de bhóthar a ghlasú. Is éard atá i gceist leis sin an tuairisc ar infheistíocht I-3.06 a scriosadh: 'Síneadh tram' de chuid Réigiún na Vallúine agus an leasú ar spriocanna 99, 100 agus 101. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg go ndéanfaí na hathruithe thuasluaite, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(24) Mhínigh an Bheilg go ndearnadh na sé bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le sprioc 44 agus an tuairisc ar infheistíocht I-2.01: 'Sochaí dhigiteach atá slán ó thaobh cibearshlándála de agus atá láidir' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 2.1: An chibearshlándáil, chun réiteach níos buaine a sholáthar chun iontaofacht suíomhanna gréasáin a áirithiú trí bhreiseáin brabhsálaithe a chruthú seachas trí dheimhnithe a cheannach nach bhfuil bailí ach ar bhonn sealadach. Baineann sé sin freisin le garsprioc 77 agus an tuairisc ar athchóiriú R-2.01 'Simpliú nósanna imeachta riaracháin: ríomhrialtas do ghnólachtaí, simpliú nósanna imeachta riaracháin' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 2.2: Riarachán Poiblí, chun nósanna imeachta a bhaineann le gnólacht a chruthú, a mhodhnú agus a dhíscaoileadh a dhigitiú. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht I-2.13: 'Clúdach limistéar bán trí líonraí snáthoptaice fíor-ardluais a fhorbairt' de chuid Chomhphobal na Gearmáinise, faoi chomhchuid 2.3: Snáithín optúil, 5G agus nuatheicneolaíochta, chun struchtúr caipitil a léiriú don chomhar leis an earnáil phríobháideach a chomhfhreagraíonn níos fearr d'ionchais na hearnála príobháidí. Baineann sé sin le sprioc 146 d'infheistíocht I-4.08: 'Ríomh-lánpháirtiú don Bheilg' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 4.2: Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha, chun costais oibríochtúla a laghdú chun acmhainní a chur ar fáil chun níos mó tionscadal a mhaoiniú; garsprioc 175 agus an tuairisc ar athchóiriú R-5.01: 'Córas carntha agus soghluaisteacht chuig earnálacha ina bhfuil ganntanas' de chuid an Stáit Chónaidhme, sprioc 174 agus an tuairisc ar athchóiriú R-5.03: 'Cuntas foghlama' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair, chun rochtain ar oiliúint do dhaoine atá dífhostaithe go sealadach a éascú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg go ndéanfaí na bearta thuasluaite a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(25) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an mBeilg, go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(26) Sainaithníodh 14 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do dheich ngarsprioc agus sprioc agus do 20 mbeart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Bheilg. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an méid seo a leanas: garsprioc 2 d'athchóiriú R-1.02: 'An scéim fóirdheontais le haghaidh fuinneamh feabhsaithe' de chuid Réigiún na Bruiséile, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 12, sprioc 13, agus an tuairisc ar infheistíochta I-1.04 'Athchóiriú foirgneamh poiblí' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; sprioc 13 agus sprioc 14, agus an tuairisc ar infheistíochta I-1.05 'Athchóiriú foirgneamh poiblí' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 1.1: Athchóiriú; an tuairisc ar infheistíocht I-2.02 'Cibearshlándáil: 5G'

de chuid an Stáit Chónaidhme; garsprioc 58 agus an tuairisc ar infheistíocht I-2.05: 'Digitiú SPF' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 2.2: Riarachán Poiblí; an tuairisc ar infheistíocht I-3.04: 'Bonneagar rothaíochta agus siúil – Schuman' de chuid an Stáit Chónaidhme; an tuairisc ar infheistíocht I-3.10: 'Iarnród – gréasán éifeachtúil' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 3.2: An t-aistriú modha; garsprioc 126 agus an tuairisc ar athchóiriú R-3.03: 'Gluaisteáin chuideachta astaíochtaí nialasacha – FED' de chuid an Stáit Chónaidhme; an tuairisc ar athchóiriú R-3.05: 'Stáisiúin luchtaithe — RBC' de chuid Réigiún na Bruiséile; an tuairisc ar athchóiriú R-3.07: 'Calaois astaíochtaí' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh; an tuairisc ar infheistíocht I-3.19: 'Stáisiúin luchtaithe — VLA' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh; an tuairisc ar infheistíocht I-3.07: 'Síneadh Metro' de chuid Réigiún na Vallúine, faoi chomhchuid 3.2: An t-aistriú modha; an tuairisc ar infheistíocht I-3.09: 'Stáisiúin traenach inrochtana agus ilmhódacha' de chuid an Stáit Chónaidhme, faoi chomhchuid 3.2: An t-aistriú modha; an tuairisc ar infheistíocht I-3.16: 'An flít busanna a ghlasú – VLA' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 3.3: An t-iompar de bhóthar a ghlasú; an tuairisc ar athchóiriú R-4.02: 'An ciste um dhul chun cinn ardoideachais' de chuid an Chomhphobail Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 4.1: Oideachas 2.0; sprioc 134 d'infheistíocht I-4.02: 'An ciste um dhul chun cinn ardoideachais' de chuid an Chomhphobail Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 4.1: Oideachas 2.0; sprioc 133 d'infheistíocht I-4.04: 'Straitéis dhigiteach don ardoideachas agus don fhoghlaim aosach' de chuid Chomhphobal na Fraincise, faoi chomhchuid 4.1: Oideachas 2.0; sprioc 131, sprioc 132, sprioc 133 agus an tuairisc ar infheistíocht I-4.06: 'Claochlú digiteach an oideachais' de chuid Chomhphobal na Gearmáinise, faoi chomhchuid 4.1: Oideachas 2.0; an tuairisc ar athchóiriú R-5.04: 'Foghlaim ar feadh an tsaoil' de chuid an Chomhphobail Phléimeannaigh, faoi chomhchuid 5.1: Oiliúint agus an margadh saothair; agus an tuairisc ar athchóiriú R-6.02: 'Athbhreithnithe caiteachais – Athbhreithniú ginearálta Pléimeannach agus gnás caiteachais' de chuid Fhlóndras, faoi chomhchuid 6.1: Athbhreithnithe ar chaiteachas. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241*

(27) I gcaibidil REPowerEU tá ceithre athchóiriú nua agus 17 n-infheistíocht nua. Is éard atá sa chéad athchóiriú athbhreithniú ar Chód na Bruiséile maidir le hAer, an Aeráid agus Bainistiú Fuinnimh (COBRACE), lena gcomhdhlúthaítear roinnt rialachán comhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh (R-7.01). Leis an athchóiriú sin, tugtar isteach oibleagáidí chun foirgnimh a athchóiriú chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Is é atá sa dara hathchóiriú athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta achomhairc ar leibhéal na Comhairle Stáit maidir le cinntí a bhaineann le hinfheistíochtaí fuinnimh agus le tionscadail fuinnimh in-athnuaite, agus tosaíocht a thabhairt dóibh agus amlínte an nós imeachta faoi seach a ghiorrú (R-7.02). Leis an tríú athchóiriú, tugtar isteach oibleagáid painéil fhótavoltacha ghréine a shuiteáil i bhfoirgnimh phríobháideacha ag a bhfuil tomhaltas leictreachais níos mó ná 1 uair an chloig gigeavata in aghaidh na bliana agus i bhfoirgnimh phoiblí ag a bhfuil tomhaltas leictreachais níos mó ná 250 meigeavata uair an chloig in aghaidh na bliana i bhFlóndras (R-7.03). Is é atá sa cheathrú hathchóiriú nósanna imeachta ceadúcháin a chuíchóiriú agus a ghiorrú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite sa Vallúin (R-7.04).

(28) Cuireann ocht n-infheistíocht nua borradh faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, faoi chomhchuid 7.1: Athchóiriú Foirgneamh. Baineann siad sin leis an

scéim fóirdheontais fuinnimh le haghaidh athchóirithe tithíochta príobháideacha chun tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal i Réigiún na Bruiséile (I-7.01); teaschaidéil agus painéil ghréine a shuiteáil in aonaid tithíochta sóisialta i Réigiún na Vallúine (I-7.04); foirgnimh phoiblí chónaidhme a fheistiú le stáisiúin luchtaithe, painéil ghréine agus soilse LED (I-7.05); athchóiriú a dhéanamh ar cheithre fhoirgneamh phoiblí de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh (I-7.06); painéil ghréine a chur in úsáid i scoileanna poiblí sa Réigiún Pléimeannach (I-7.07); iniúchtaí fuinnimh agus tabhairt chun críche beart fuinnimh i bhfoirgnimh chúraim sa Réigiún Pléimeannach (I-7.08); oibreacha fuinnimh a thabhairt chun críche i bhfoirgneamh nua *Vlaamse Radio en Televisie* sa Réigiún Pléimeannach (I-7.09) agus bailchríoch a chur ar insliú, teaschaidéil, painéil ghréine agus soilse LED i bhfoirgnimh *Agentschap Wegen en Verkeer* sa Réigiún Pléimeannach (I-7.10).

(29) Tacaíonn trí infheistíocht nua le teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn, faoi chomhchuid 7.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn. Baineann siad sin le tionscadail T&F chun an bonneagar a bharrfheabhsú chun hidrigin nó leictreachas an Stáit Chónaidhme a allmhairiú (I-7.12); dreasachtaí airgeadais do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, amhail bainistiú teasa tionsclaíoch nó gabháil agus stóráil carbóin, agus chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh agus chun slabhraí luacha hidrigine nó ceallraí leictreacha de chuid Réigiún na Vallúine a chur ar bun (I-7.13); agus tacaíocht do theicnící coigilte fuinnimh, do thionscadail teasa ghlais agus fuinnimh in-athnuaite in earnáil talmhaíochta an Réigiúin Phléimeannaigh (I-7.14).

(30) Rannchuidíonn ceithre infheistíocht nua le húsáid fuinnimh in-athnuaite, faoi chomhchuid 7.3: Fuinneamh in-athnuaite. Baineann siad sin leis na staidéir indéantachta teicniúla, eacnamaíocha agus airgeadais le haghaidh painéil ghréine ar snámh sa Mhuir Thuaidh, lena méadaítear a leibhéal ullmhachta teicneolaíochta ó 4 go 7 (I-7.16); tacaíocht chun eangach chliste a dhéanamh den ghréasán leictreachais i Réigiún na Vallúine (I-7.17); tacaíocht do theicneolaíochtaí nua i réimse na gceall fótavoltach agus an ghrianfhuinnimh, chomh maith le leictriú bonneagair calafoirt (I-7.18); agus laghdú ar na srianta i gcomharsanacht aerfort chun tuirbíní gaoithe a thógáil (I-7.19).

(31) Rannchuidíonn dhá infheistíocht nua leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus leis an iompar de bhóthar a dhícharbónú, faoi chomhchuid 7.4: Soghluaisteacht. Baineann siad sin le soilse LED a chur in ionad seanlampaí (lampaí sóidiam ardbhrú agus ísealbhrú) ar mhótarbhealaí agus lampaí LED i dtolláin sa Réigiún Pléimeannach (I-7.23); agus imscaradh stáisiún luchtaithe thar oíche agus ócáideach le haghaidh busanna leictreacha i Réigiún na Bruiséile (I-7.25).

(32) Rannchuidíonn caibidil REPowerEU freisin le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh leis an scéim fóirdheontais fuinnimh le haghaidh athchóirithe tithíochta príobháideacha chun tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal i Réigiún na Bruiséile (I-7.01) agus leis an infheistíocht i dteaschaidéil agus i bpainéil ghréine le haghaidh aonaid tithíochta sóisialta i Réigiún na Vallúine (I-7.04).

(33) I gcaibidil REPowerEU tá beart méadaithe amháin faoi chomhpháirt 7.1: Athchóiriú foirgneamh. Infheistíocht I-7.02: ‘An scéim fóirdheontais le haghaidh fuinneamh feabhsaithe’ de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, lena dtugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine bheart R-1.01, fo-infheistíocht (i) ‘An scéim fóirdheontais le haghaidh fuinneamh feabhsaithe’ de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, atá san áireamh cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh.

(34) I bhfianaise an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais de EUR 1 400 569 368, chuir an Bheilg san áireamh i gcaibidil REPowerEU naoi mbeart a bhí i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, i gcomhréir le hAirteagal 21c(2). Léiríodh na bearta sin sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin faoi chomhpháirteanna 1.1: Athchóiriú, 1.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn; 3.2: An t-aistriú modha agus 3.3: An t-iompar de bhóthar a ghlasú. Is é EUR 324 941 685 costais mheasta na mbeart sin.

(35) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, agus ar an iarraidh ar thacaíocht iasachta i gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

*Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún*

(36) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, léirítear go mór (Rátáil A) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU, freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(37) Freagairt chuimsitheach agus chothromaithe go leormhaith (Rátáil A) ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta ag an am a bhí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, rud a chuir go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

(38) Cumhdaítear na sé cholún ar bhealach cuimsitheach leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, agus áirítear ann líon nach beag comhchodanna a thacaíonn le níos mó ná colún amháin. In ainneoin na mbeart a baineadh den phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh ar bhonn Airteagail 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241, raon gníomhartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, comhfhreagraíonn siad do chuspóirí na Saoráide agus tá cothromaíocht fhoriomlán iomchuí ann idir na colúin mar gheall ar bhearta a tugadh isteach arís i gcaibidil REPowerEU faoi Airteagal 21c (3) den Rialachán sin. Go háirithe, rannchuidíonn na bearta atá san áireamh i gcaibidil REPowerEU le colún an aistrithe ghlais agus an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh.

*Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha*

(39) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an mBeilg, lena n- áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(40) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe. Ós rud é go ndearnadh an ranníocaíocht uasta

airgeadais don Bheilg a choigeartú anuas, ní dhéantar moltaí 2022 agus 2023 nach mbaineann le dúshláin fuinnimh a mheas sa mheasúnú foriomlán.

(41) I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha uile tráth a cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, suíonn an Coimisiún gur cuireadh an moladh maidir le leachtacht a chur ar fáil do FBManna (CSR 2020.3.1) chun feidhme ina iomláine. Tá dul chun cinn nach beag déanta maidir leis an moladh infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh slándáil fuinnimh (CSR 2022.1.2); infheistíocht a dhíriú ar thaighde agus nuálaíocht (CSR 2019.3.3, 2020.3.9); athléimneacht fhoriomlán an chórais sláinte a threisiú (CSR 2020.1.2) agus tionchar fostaíochta agus sóisialta ghéarchéim COVID-19 a mhaolú (CSR 2020.2.1).

(42) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta uile nó ar fhothacar nach beag de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Beilge i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe infheistíochtaí móra i ndigitiú an riaracháin phoiblí (CSR 2019.4, 2020.3), athchóiriú ar chóras na bpinsean chun a inbhuanaitheacht airgeadais a fheabhsú (CSR 2019.1.4), infheistíochtaí san oideachas agus i scileanna (CSR 2019.2.2, 2019.2.3, 2020.2.2) agus infheistíochtaí sa gheilleagar ciorclach (CSR 2020.3.7).

(43) Tugtar aghaidh i gcaibidil REPowerEU ar na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh agus leis an aistriú glas. Go háirithe, áirítear i gcaibidil REPowerEU bearta lena dtugtar aghaidh go díreach ar CSR 2023.4.2 agus CSR 2022.4.2 maidir leis an ngá atá le dlús a chur le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus le húsáid breoslaí iontaise i bhfoirgnimh a laghdú, amhail bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, go háirithe trí athchóiriú teirmeach agus painéil ghréine agus teaschaidéil a shuiteáil.

(44) Áirítear i gcaibidil REPowerEU freisin bearta lena dtugtar aghaidh go díreach ar CSR 2023.4.3 agus CSR 2022.4.3 maidir leis an ngá atá le dícharbónú na tionsclaíochta a spreagadh a thuilleadh, amhail: (i) tacaíocht do thionscadail T&F chun an bonneagar le haghaidh allmhairí hidrigine nó leictreachais a bharrfheabhsú; (ii) dreasachtaí airgeadais le haghaidh infheistíochtaí i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh amhail bainistiú teasa tionsclaíoch, nó gabháil agus stóráil carbóin (CCS); (iii) tacaíocht do theicnící coigilte fuinnimh, do thionscadail teasa ghlais agus fuinnimh in-athnuaite in earnáil talmhaíochta. Thairis sin,tugann bearta i gcaibidil REPowerEU aghaidh go díreach ar CSR 2023.4.4 agus CSR 2022.4.3 maidir leis an ngá atá le soláthar agus úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn chomh maith le soghluaisteacht bhog, amhail busanna leictreacha a cheannach agus bonneagar luchtaithe ábhartha a úsáid.

(45) Ar deireadh, áirítear i gcaibidil REPowerEU bearta lena dtugtar aghaidh go díreach ar CSR 2023.4.5 agus CSR 2022.4.4 maidir leis an ngá atá le dlúsa chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar eangaí gaolmhar, amhail: (i) athchóiriú ar nósanna imeachta achomhairc na Comhairle Stáitchun an t-am cinnteoireachta maidir le tionscadail fuinnimh a ghiorrú; (ii) athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil chun nósanna imeachta ceadúcháin le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú; (iii) laghdú ar na srianta i gcomharsanacht aerfort chun imscaradh tuirbíní gaoithe a éascú

(iv) infheistíocht sa ghréasán dáileacháin leictreachais chun ‘eangacha cliste’ a chruthú.

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(46) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Beilge a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(47) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas amach go raibh coinne leis go mbeadh tionchar mór ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach (Rátáil A) a neartú.

(48) Tá infheistíochtaí agus athchóirithe nach beag fós san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí an gheilleagair agus an chomhtháthaithe eacnamaíoch. Áirítear leis sin athchóirithe chun cáilíocht an chaiteachais phoiblí a mhéadú; athchóirithe chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú; infheistíochtaí i ndigitiú, in oiliúint agus in uas-sciliú; agus infheistíochtaí i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht.

(49) Tá infheistíochtaí agus athchóirithe suntasacha fós san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta agus chun feabhas a chur ar an gcomhtháthú sóisialta, lena n-áirítear lánpháirtiú grúpaí leochaileacha. Mar shampla, athchóirithe chun dul i ngleic leis an idirdhealú sa mhargadh saothair, go háirithe ráta íseal fostaíochta na ndaoine a mbaineann cúlra imirceach leo; athchóirithe ar scéimeanna fóirdheontais fuinnimh chun cabhrú leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú; agus infheistíochtaí i mbonneagar sóisialta, lena n-áirítear in athchóiriú agus i dtógáil tithíochta sóisialta agus saoráidí cúraim leanaí.

(50) Mar chuid den mhodhnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, laghdaíodh an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le roinnt de na bearta eacnamaíocha agus sóisialta thuasluaite, rud a bhfuil tionchar comhréireach aige ar an toradh a raibh coinne leis. Mar sin féin, níl aon athrú ar thoradh an mheasúnaithe bhunaidh ar thionchar an phlean maidir leis an acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach a neartú.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(51) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheoidh leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán

(AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(52) Níl tionchar ag na modhnuithe ar na bearta a áiríodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh ar an measúnú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' atá fós mar a bhí.

(53) Thíolaic an Bheilg measúnú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' le haghaidh gach beart nua agus athbhreithnithe den phlean modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Léiríonn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil go meastar go n-áiritheoidh an plean go gcomhlíonfar an prionsabal sin. Ina theannta sin, i gcás na mbeart sin lena gceanglaítear tionscadail a roghnú amach anseo, ba cheart coimircí sonracha ábhartha a thabhairt isteach i ngarspriocanna agus spriocanna gaolmhara chun na críche sin.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(54) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(55) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go háirithe le tacú leis na cuspóirí in Airteagal 21c (3), pointí (b), (c), (d), (e) agus (f) de Rialachán (AE) 2021/241.

(56) Trí na bearta nua maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh phríobháideacha agus phoiblí nach bhfuil chomh tíosach ar fhuinneamh, treisíodh le caibidil REPowerEU an uaillmhian feabhas éifeachtach a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c (3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Baineann roinnt beart (lena n-áirítear bearta I-7.04, I-7.05, I-7.07, I-7.09, I-7.10) le painéil ghréine nó teaschaidéil a shuiteáil, nó le soilsiú LED a shuiteáil. Le hathchóiriú nua de chuid Réigiún na Bruiséile (R-7.01), beartaítear leasú a dhéanamh ar chód na Bruiséile maidir le haer, aeráid agus fuinneamh (COBRACE) chun oibleagáidí nua a thabhairt isteach maidir le hathchóiriú foirgneamh. Áirítear freisin sa chomhchuid de chaibidil REPowerEU maidir le hathchóiriú beart méadaithe amháin ón Réigiún Pléimeannach (I-7.02) arb é atá ann fóirdheontais le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar thithíocht phríobháideach. Thairis sin, maidir leis na bearta i gcomhchodanna REPowerEU 7.2: Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn agus 7.3: Fuinneamh in-athnuaite chun tacú leis an gcuspóir an tionsclaíocht a dhícharbónú agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur leis an úsáid sin, dá dtagraítear faoi phointe (b) d'Airteagal 21c (3) de Rialachán (AE) 2021/241. An beart I-7.13: 'Glao ar dhícharbónú na tionsclaíochta' i Réigiún na Vallúine, cuireann sé dreasachtaí airgeadais ar fáil d'infheistíochtaí fuinnimh i dtionscail na Vallúine agus d'fhorbairt tionscal nua i dteicneolaíochtaí glasa. An beart I-7.14: 'Glao ar ghníomhú ar son na haeráide sa talmhaíocht' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, tá sé mar aidhm aige

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

tacú le hinfheistíochtaí a chuidíonn le dícharbónú earnáil na talmhaíochta. Saothrófar dícharbónú na tionsclaíochta freisin trí úsáid gáis nádúrtha a laghdú trí ghréasáin iompair le haghaidh hidrigine a fhorbairt ag an Stát Cónaidhme (I-7.15), agus trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail taispeántais nó do thionscadail T&F arb é is aidhm dóibh an bonneagar le haghaidh hidrigin nó leictreachas a allmhairiú ag an Stát Cónaidhme a bharrfheabhsú (I-7.12). Infheistíocht I-7.17: 'Dáileadh fuinnimh a bharrfheabhsú' de chuid Réigiún na Vallúine, is é is aidhm dó eangacha leictreachais a dhéanamh níos cliste chun déileáil leis an méadú atá ag teacht ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite. Tacaíonn bearta infheistíochta eile i gcaibidil REPowerEU le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais trí chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear treoirthionscadal maidir le painéil ghréine ar snámh sa Mhuir Thuaidh (I-7.16) agus oileán fuinnimh amach ón gcósta (I-7.20) de chuid an Stáit Chónaidhme, arb é atá ann mol chun fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a nascadh leis an eangach leictreachais ar tír. Infheistíocht I-7.19: 'Bacainní ar fhuinneamh in-athnuaite a bhaint' de chuid an Stáit Chónaidhme, is é is aidhm dó na srianta i gcomharsanacht aerfort a laghdú chun tionscadail fuinnimh gaoithe a fhorbairt, trí infheistíocht a dhéanamh i gcórais aerloingseoireachta nua. An t-athchóiriú nua R-7.03: 'Oibleagáid PV do thomhaltóirí móra' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, is é is aidhm dó tacú le painéil ghréine fhótavoltacha (PV) a imscaradh a thuilleadh. Athchóiriú R-7.04: 'Dlús a chur leis an aistriú fuinnimh' de chuid Réigiún na Vallúine, is é is aidhm dó nósanna imeachta ceadúcháin le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a éascú agus a ghiorrú. Athchóiriú R-7.02: 'Athchóiriú ar nósanna imeachta achomhairc na Comhairle Stáit' de chuid an Stáit Chónaidhme, meastar go ngiorrófar an t-am chun déileáil le nósanna imeachta achomhairc a bhaineann le cinntí maidir le hinfheistíochtaí fuinnimh agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite.

(57) Áirítear i gcaibidil REPowerEU freisin bearta a mheastar go rannchuideoidh siad go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/24. Baineann sé sin le bearta lena dtugtar tacaíocht d'athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh do theaghlaigh leochaileacha, amhail an beart méadaithe de chuid Réigiún na Bruiséile (I-7.01 An Scéim fóirdheontais le haghaidh fuinneamh fheabhsaithe) lena dtacaítear le fóirdheontais do theaghlaigh ar ioncam íseal agus an beart maidir le hathchóiriú tithíochta sóisialta i Réigiún na Vallúine (I-7.04), arb é atá ann painéil ghréine agus teaschaidéil a shuiteáil in aonaid tithíochta sóisialta.

(58) Rannchuidíonn roinnt beart sa chaibidil REPowerEU go héifeachtach freisin le laghdú an éilimh fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/24 a dhreasú, trí athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhreasú, amhail bearta R-7.01, I-7.01 agus I-7.02. Is é is aidhm do bhearta athchóirithe eile laghdú 30 % ar a laghad ar an ídiú fuinnimh phríomhúil a bhaint amach, ar an meán (I-7.06: 'Athchóiriú foirgneamh poiblí; de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh, agus I-7.10: 'Bearta fuinnimh d'fhoirgnimh AWV' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh. Is é is aidhm do lampaí LED a chur in ionad seanlampaí (*luminaires*) feadh mótarbhealaí agus i dtolláin an t-ídiú leictreachais gaolmhar a laghdú go suntasach (I-7.23: 'Soilsiú poiblí LED' de chuid an Réigiúin Phléimeannaigh).

(59) Infheistíochtaí i mbusanna astaíochtaí nialasacha (I-7.21: 'An flít busanna a ghlasú' de chuid Réigiún na Bruiséile), i stáisiúin luchtaithe do charranna leictreacha (I-7.22: 'Stáisiúin luchtaithe' de chuid an Stáit Chónaidhme) agus bonneagar luchtaithe le haghaidh busanna (I-7.25: 'Bonneagar luchtaithe le haghaidh busanna' de chuid Réigiún na Bruiséile), chomh maith le hinfheistíochtaí in iompar lasta iarnróid (I-7.24:

‘Gréasán éifeachtúil iarnróid’ de chuid an Stáit Chónaidhme), rannchuidíonn siad go héifeachtach le tacaíocht a thabhairt d’iompar astaíochtaí nialasacha agus dá bhonneagar, lena n-áirítear iarnróid mar a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/24.

(60) Infheistíochtaí I-7.16: ‘Grianfhuinneamh ar snámh’ de chuid an Stáit Chónaidhme agus I-7.18: Rannchuidíonn ‘tionscnaimh táirgthe fuinnimh in-athnuaite nuálacha’ ón Réigiún Pléimeannach le tacú leis na slabhraí luacha i dteicneolaíochtaí atá nasctha leis an aistriú glas i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/24, trí infheistíocht a dhéanamh in T&F a bhaineann le teicneolaíochtaí nuálacha a tháirgeadh i réimse an ghrianfhuinnimh, i réimse na stórála fuinnimh agus in ionchorprú in eangacha fuinnimh. An beart I-7.11: Is éard atá san ‘Ardán taighde’ de chuid Chomhphobal na Fraincise infheistíochtaí i dtrealamh le haghaidh ardán comhroinnte a úsáideann ollscoileanna agus atá comhtháite i slabhraí luacha straitéiseacha atá nasctha leis an aistriú fuinnimh agus a rannchuidíonn le forbairt scileanna glasa a bhaineann le córais chasta fuinnimh.

(61) Tá an chaibidil REPowerEU comhleanúnach le gealltanas na Beilge astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Treisíonn na bearta na bearta sin a áiríodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus dreasaíonn siad laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh, trí luas athchóirithe foirgneamh a mhéadú (agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an mbochtaineacht fuinnimh) agus trí thacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar, lena n-áirítear iarnróid.

(62) Tugtar aghaidh sa chaibidil REPowerEU freisin ar an ngá atá le héagsúlú ó bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite agus tacú le nuálaíocht maidir le glacadh hidrigine saor ó iontaise agus in-athnuaite, agus ar an gcaoi sin slándáil soláthair fuinnimh na Beilge a mhéadú.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(63) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(64) Cuidíonn caibidil REPowerEU leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, trí thacú le dícharbónú na tionsclaíochta, agus trí tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt.

(65) Is ionann costais iomlána mheasta na mbeart sin agus EUR 658 milliún san iomlán, arb ionann é agus 90.6 % de chostais mheasta chaibidil REPowerEU, os cionn na sprice táscaí de 30 %.

(66) Cuireann na bearta a áirítear i gCaibidil REPowerEU chun borradh a chur faoi tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite le honnmhairí fuinnimh ghlain chuig Ballstáit eile freisin. Ar an gcaoi chéanna, meastar go gcuirfidh na bearta chun an tionscal a dhícharbónú le dícharbónú an Aontais Eorpaigh.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht***

(67) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a chuireann go

mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 51 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 88 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(68) Ní bheidh tionchar ag na bearta a baineadh nó i gcás inar laghdaíodh leibhéal an chur chun feidhme is gá ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas agus tugtar iarracht shuntasach sa chaibidil REPowerEU tacú tuilleadh le haistriú glas na Beilge, ós rud é go rannchuidíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí uile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, go háirithe trí fheabhas a chur ar na creatchoinníollacha le haghaidh fuinneamh gaoithe agus trí na nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú tuilleadh agus dlús a chur le nósanna imeachta achomhairc.

(69) Rannchuidíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, mar aon le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(70) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn go mór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 27 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(71) Níl tionchar ábhartha ag modhnú an phlean ar a uaillmhian i leith an aistrithe dhigitigh. D'ainneoin deireadh a chur le roinnt infheistíochtaí a bhfuil gné dhigiteach ag baint leo, leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach trí chur chuige trasearnálach, trí thacú leis an gcibearshlándáil, le digitiú gnólachtaí agus an riaracháin phoiblí, agus leis an nascacht, lena n-áirítear nascacht ardluais. Rannchuidíonn sé freisin le digitiú na hearnála iompair, le scileanna digiteacha an lucht saothair, na ndaltaí agus an daonra a mhéadú ar bhonn níos leithne, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha.

***Tionchar buan***

(72) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar an mBeilg.

(73) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.7, a ghabhann leis, fuarthas amach go raibh coinne leis go mbeadh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh ar an mBeilg den chuid is mó.

(74) Cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe an ranníocaíocht uasta airgeadais laghdaithe, tionchar fada ghéarchéim COVID-19, boilsciú agus suaitheadh sa slabhra soláthair. D'iarr an Bheilg tacaíocht iasachta chun an laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais a chúiteamh. I dteannta na mbeart atá ann cheana, meastar go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha ag an gcaibidil REPowerEU ar gheilleagar na Beilge agus go gcuirfear borradh breise faoina haistriú glas. Go háirithe, meastar go dtacóidh na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU le hiarracht na Beilge chun dícharbónú, le glasú a gréasáin iompair, leis an aistriú fuinnimh agus lena spleáchas fuinnimh a laghdú. Maidir le bearta REPowerEU i ndáil leis an tionscal agus athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha a dhícharbónú, tá coinne leis go mbeidh tionchar fadtéarmach acu ar laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá infheistíochtaí nua i gcaibidil REPowerEU maidir le dáileadh fuinnimh a bharrfheabhsú, taighde agus forbairt maidir le táirgeadh teicneolaíochtaí nuálacha i réimse an ghrianfhuinnimh agus na gceall fótavoltach, staidéir ar indéantacht theicniúil agus eacnamaíoch na bpainéal gréine ar snámh sa Mhuir Thuaidh, rud a chuirfidh leis an aistriú glas.

(75) Meastar freisin go mbeidh tionchar fadtéarmach ag na hathchóirithe a áirítear i gcaibidil REPowerEU ar an mBeilg, go háirithe trí rannchuidiú lena cuspóir ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite de a bhaint amach. Leis an athchóiriú ar nósanna imeachta achomhairc Chomhairle Stáit an Stáit Chónaidhme, tá coinne leis go ngiorrófar an t-am chun déileáil le nósanna imeachta achomhairc a bhaineann le cinntí maidir le hinfheistíochtaí fuinnimh agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite, agus go mbeifear in ann tionscadail ghaoithe ar tír a chur in úsáid agus an eangach chumhachta lena mbaineann a leathnú ar bhealach níos tapúla, rudaí a bhfuil bac mór orthu faoi láthair mar gheall ar mhoilleanna fada a bhaineann le nósanna imeachta um dheonú ceadanna, go háirithe mar gheall ar nósanna imeachta achomhairc atriallacha agus fada. Treisíonn athchóirithe eile an uaillmhian chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(76) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(77) Fuarthas amach sa mheasúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.8, a ghabhann leis, go raibh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta bunaidh leordhóthanach (Rátáil A) chun faireachán éifeachtach agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(78) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na Beilge ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Go háirithe, tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus réalaíoch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Tá

garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

***Costáil***

(79) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá an réasúnú a thugtar sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, measartha réasúnta agus inchreidte (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cos- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(80) Suíodh sa mheasúnú bunaidh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta gur sholáthair an Bheilg costais mheasta le haghaidh gach infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le miondealuithe costais mionsonraithe agus dea-réasúnaithe, den chuid is mó. An réasúnú arna sholáthar ag an mBeilg maidir le méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta, tagann sé go measartha (Rátáil B), réasúnta agus inchreidte le prionsabal na cos-éifeachtúlachta, agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(81) Sholáthair an Bheilg costais mheasta aonair do na bearta nua go léir lena mbaineann costas sa phlean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chomh maith le réasúnuithe aonair maidir leis na bearta go léir a ndearnadh athrú ar na meastacháin costais nó ar sprioc ghaolmhar lena modhnuithe. Tá an fhaisnéis faoi chostais arna soláthar ag an mBeilg sách mionsonraithe agus réasúnaithe den chuid is mó. Le haghaidh bearta nua agus bearta i gcás ina bhfuil an laghdú ar an uaillmhian níos mó ná comhréireach leis an laghdú ar an imchlúdach airgeadais, sholáthair an Bheilg meastacháin lena n-áirítear tagairtí do shonraí tairisceana iarbhír chomh maith le faisnéis faoin modheolaíocht a úsáideadh. Sholáthair an Bheilg tuilleadh faisnéise agus fianaise arna iarraidh sin. Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais agus ar na doiciméid tacaíochta go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart nua, agus go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte. Thairis sin, tá údar leordhóthanach leis na hathruithe ar mheastacháin ar chostais na mbeart modhnaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(82) Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an mBeilg nach ndéanfar na costais as gach beart nua, lena n-áirítear iad sa chaibidil REPowerEU, a mhaoiniú ó fhoinsí maoiniúcháin eile de chuid an Aontais ag an am céanna. Tá an tiomantas maidir le cosaintí a chur i bhfeidhm a bhféachtar le maoiniú dúbailte a chosc leo fós ann agus níor athraíodh é le modhnú an phlean.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(83) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, is leormhaith iad (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear

faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(84) Tháinig an measúnú bunaidh ar chonclúid maidir le leormhaitheas na socruithe rialaithe agus iniúchóireachta a mhol an Bheilg (Rátáil A) faoi chritéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, faoi réir dhá gharsprioc a chomhlíonadh go tráthúil: (i) maidir le córas stórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear na feidhmiúlachtaí íosta agus (ii) maidir le socruithe leordhóthanacha comhordaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear cros-seiceálacha, ar leibhéal an chomhlachta comhordúcháin ar an leibhéal idir-fheidearálach ionas gur féidir cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.

(85) Tá an córas rialaithe inmheánaigh a thuairiscítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Beilge ar phróisis láidre agus ar struchtúr láidir. Tá dáileadh na ról agus na bhfreagrachtaí fós i bhfeidhm don phlean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe. Sannadh na rialuithe ar an gcéad leibhéal do chomhlachtaí poiblí éagsúla atá mar chuid den chreat rialaithe inmheánaigh atá ann cheana maidir le cur chun feidhme an bhuiséid sna sé eintiteas agus níor moladh aon athrú sa phlean modhnaithe. Ní raibh sainorduithe na gcomhlachtaí iniúchóireachta ná a gcumas riaracháin faoi seach faoi réir modhnuithe.

(86) D'fhorbair gach rialtas inniúil a chóras stóir féin agus úsáideann sé é chun bailiú sonraí agus faireachán ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a áirithiú, chomh maith le bailiú agus stóráil na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d)(i)-(iii) de Rialachán (AE) 2021/241. Leasaíodh an creat reachtach chun go mbeidh gach comhlacht inniúil, ar gach leibhéal rialtais, in ann rochtain dhíreach a bheith acu ar na sonraí arna dtaifeadadh i gclár Úinéirí Tairbhiúla Deiridh na Beilge agus chun na sonraí ina leith a bhailiú. Déantar measúnú ar iomláine agus iontaofacht na sonraí a bhailítear agus a stóráiltear faoin gcéad iarraidh ar íocaíocht a chuir an Bheilg isteach.

(87) Feidhmíonn gach eintiteas a chumhachtaí go neamhspleách ina réimsí féin agus eagraíonn sé cur chun feidhme an phlean, lena n-áirítear chun cistiú dúbailte ón Aontas a sheachaint. Déantar measúnú ar leormhaitheas na socruithe chun cistiú dúbailte ón Aontas a sheachaint faoin gcéad iarraidh ar íocaíocht a chuir an Bheilg isteach.

(88) Ón measúnú a rinne sé roimhe seo, tá rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír na nósanna imeachta rialaithe éagsúla chun calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Dá bhrí sin, tugtar garspriocanna breise isteach chun feabhas a chur ar shocruithe iniúchta agus rialaithe phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Beilge. Chun córais láidre

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

rialaithe inmheánaigh atá leormhaith i leith chreat bunreachtúil na Beilge a áirithiú, ba cheart do na comhlachtaí comhordúcháin, i gcomhar leis na comhlachtaí cur chun feidhme más gá, a lámhleabhar nósanna imeachta a oiriúnú ina ndéantar cur síos ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe agus treoracha a eisiúint do na comhlachtaí cur chun feidhme, lena n-áirítear mar íosmhéid forálacha lena gceanglaítear straitéisí frithchalaoise agus frithéillithe, bealaí sceithireachta feidhmiúla inmheánacha agus seachtracha, fíoruithe ar an láthair, nósanna imeachta maidir le neamhrialtachtaí a thuairisciú do OLAF agus d'údaráis inniúla eile, agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a fhíorú, go háirithe maidir le soláthar poiblí agus státchabhair. Ba cheart go n-áireofaí sna lámhleabhair nó sna doiciméid nósanna imeachta i ndáil le dearbhú a fháil maidir le síniú na ndearbhuithe bainistíochta a ghabhann leis an iarraidh ar íocaíocht arna cur faoi bhráid an Choimisiúin. Ina theannta sin, i gcás inar cuireadh freagracht as rialuithe den sórt sin de chúram ar an gCigireacht Airgeadais, ba cheart do na comhlachtaí comhordúcháin ábhartha teachtaireacht a ghlacadh agus a sheoladh chuig an gCigireacht Airgeadais maidir leis na fíoruithe *ex ante* ar chomhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta agus ar chosaint leas airgeadais an Aontais atá le déanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241. Thairis sin, ba cheart do na comhlachtaí comhordúcháin treoracha a eisiúint do na comhlachtaí cur chun feidhme uile maidir le fíoruithe *ex ante*, sula síneofar conarthaí nó sula ndámhfar deontais, ar an riosca coinbhleachta leasa i gcur chun feidhme beart, lena n-áirítear dearbhuithe éigeantacha maidir le heaspa coinbhleachta leasa ag na daoine lena mbaineann ag gach céim de na nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh glaonna ar thairiscintí agus glaonna ar thionscadail agus, ar bhonn riosca, uirlis iomchuí measúnaithe riosca a úsáid chun na seiceálacha coinbhleachta leasa a leagtar amach sna treoracha a dhéanamh. Ba cheart na garspriocanna sin a chomhlíonadh ar a dhéanaí faoin tráth a chuirfear an dara hiarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin.

***Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta***

(89) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cuimsítear go measartha (Rátáil B) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(90) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.11, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, measadh go n-áirítear go measartha (Rátáil B) bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(91) Déanann an modhnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta difear do chúig as sé ghné, agus tugann sé gné bhreise (an 7ú gné) isteach, caibidil REPowerEU. Leis na na modhnuithe a rinneadh ar na gnéithe atá ann cheana, ní athraítear comhleanúnachas foriomlán an phlean, agus an dóigh lena neartaítear na comhpháirteanna a chéile agus lena comhlánaítear a chéile leo á cur san áireamh. Tá caibidil bhreise REPowerEU comhsheasmhach tríd is tríd leis na bearta a úsáidtear faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh chun tacú leis an aistriú glas agus treisíonn sí a n-uaillmhian a thuilleadh, go háirithe iad siúd atá dírithe ar spleáchas foriomlán fuinnimh a laghdú. Tá meascán comhsheasmhach d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a chomhlánaíonn a chéile sa chaibidil REPowerEU. Mar sin féin, tá líon

réasúnta mór infheistíochtaí de mhéid teoranta, agus is mionlach iad na bearta méadaithe.

***Próiseas comhairliúcháin***

(92) Rinne an Bheilg comhairliúcháin bhreise le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an phlean a leasú agus chun caibidil REPowerEU a ullmhú. Bhí baint ag an Stát Cónaidhme, na trí Réigiún, na trí Chomhphobal Teanga, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta leis an bpróiseas comhairliúcháin sin.

***Measúnú dearfach***

(93) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta lena n- áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme, lena n- áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais agus iasachta neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU a leagan amach.

***Rannchuidiú airgeadais***

(94) Is é EUR 5 299 439 854 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Beilge lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Bheilg, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Beilge lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Beilge lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 4 523 383 959 atá sa mhéid sin.

(95) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 20 Iúil 2023 chuir an Bheilg iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna chomhroinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 725 603 658 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Bheilg, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Bheilg cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 281 716 188 atá sa tsuim sin.

(96) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755[7], an 21 Márta 2023 chuir an Bheilg iarraidh réasúnaithe isteach chun cuid dá raibh fágtha dá leithdháileadh sealadach a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, mar atá, EUR 228 850 088. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise.

(97) Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán atá ar fáil don Bheilg a bheith cothrom le EUR 5 033 950 235.

***Iasacht***

(98) Ina theannta sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, d'iarr an Bheilg tacaíocht iasachta iomlán de EUR 264 200 000, go háirithe, EUR 215 000 000 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU agus EUR 49 200 000 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Is lú uasmhéid na hiasachta a d'iarr an Bheilg ná 6.8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Bheilg, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, an t-ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus na hacmhainní ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

***Réamh- mhaoiniú REPowerEU***

(99) D'iarr an Bheilg an maoiniú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: EUR 228 850 088 a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 281 716 188 a aistriú ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus EUR 215 000 000 a aistriú i bhfoirm iasachta.

(100) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 27 Iúil 2023 d'iarr an Bheilg réamh-mhaoiniú 20 % den mhaoiniú a iarradh. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Bheilg faoi réir theacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Bheilg de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ('an comhaontú maoinithe') agus i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Rialachán sin ('an comhaontú iasachta').

(101) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme 10161/21 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bheilg a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 10161/21 mar a leanas:

[8] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32-46).

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Beilge a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Bheilg i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 5 033 950 235.[9] Áirítear ar an rannchuidiú sin:

(a) beidh suim EUR 3 645 626 483 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh suim eile EUR 877 757 476 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 281 716 188[10], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a);

(d) suim EUR 228 850 088, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Bheilg i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 770 113 933 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear méid EUR 102 113 255 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.'

---

9 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Beilge de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

10 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Beilge de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) cuirtear Airteagal 2a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 2a*
*Tacaíocht iasachta*

1. Cuirfidh an tAontas iasacht de EUR 264 200 000 ar a mhéad ar fáil don Bheilg.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear in mír 1 ar fáil don Bheilg i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

   Cuirfear méid EUR 43 000 000 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

   Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.

3. Scaoilfear an réamh-mhaoiniú dá dtagraítear i mír 2 faoi réir an teacht i bhfeidhm agus i gcomhréir leis an gcomhaontú iasachta. Déanfar réamh-mhaoiniú a imréiteach trína asbhaint go comhréireach i gcoinne íoc na dtráthchodanna.

4. Beidh scaoileadh tráthchodanna de réir an Chomhaontaithe Iasachta coinníollach ar an maoiniú a bheidh ar fáil agus ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh de réir Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna breise a chumhdaítear leis an iasacht comhlíonta go sásúil ag an mBeilg agus gur sainaithníodh iad i ndáil le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, bainfidh an Bheilg na garspriocanna agus na spriocanna amach tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026.

(4) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig an mBeilg a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*